

Cuntas Leithreasa 2024

Vótáil 22

An tSeirbhís Chúirteanna

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 le haghaidh tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Chúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirearaítear ar an bPríomhchiste.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna dheonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair caiteachais don bhliain.

Tá barrachas €4.490 milliún faoi dhliteanas géilleadh don Státchiste.

Tá an tSeirbhís Chúirteanna á rialú ag Bord ar a bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998, is é téarma oifige an Bhoird trí bliana. Bunaíodh an Bord atá ann faoi láthair ar 9 Samhain 2023. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus as maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na feidhmeanna sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe in imlitir 20 de 2024, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2024 cé is moite den mhéid seo a leanas.

Chun aistriú an chuntais leithreasa chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, tá maolú faighte ag an tSeirbhís Chúirteanna i leith an chaighdeáin seo a leanas: ailt 14 agus 18(a) de CGAS 17 Réadmhaoin, Fearas, agus Trealamh.

Tá punann mór sócmhainní ag an tSeirbhís Chúirteanna lena n-áirítear go leor foirgneamh stairiúil agus punann TF a tógadh thar roinnt blianta. Léiríodh go bhfuil an obair is gá chun gach ceann de na heintitis ar an gclár a bhailíochtú agus chun comhlíonadh iomlán an chaighdeáin a áirithiú casta agus meastar gur cheart an obair sin a thabhairt chun críche níos déanaí in 2025.

Ina theannta sin, níor chuir an tSeirbhís Chúirteanna foirgneamh na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla (CCJ) san áireamh mar shócmhainn ar ár gclár, ach déanfar é sin a athbhreithniú agus a áireamh le haghaidh 2025.

Dímheas sócmhainní caipitil

Déantar dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas na saolréanna úsáide agus na rátaí dímheasa/amúchadh gaolmhara le haghaidh móraicmí sócmhainní caipitil.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré úsáide</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Talamh	N/A	Náid
Foirgnimh	50 bliana	2%
Daingneáin agus feistis	10 bliana	10%
Crua-earraí agus bogearraí TF	5 bliana	20%
Ceadúnais bogearraí	5 bliana	20%
Bogearraí faighte/forbartha	10 bliana	10%

Luacháil talún agus foirgneamh

Déantar foirgnimh a luacháil gach cúig bliana ar bhonn costas athsholáthair dímheasta. Is é sin an costas reatha a bhaineann lena sócmhainn choibhéiseach nua-aimseartha a chur in ionad na sócmhainne lúide asbhaint as meath fisiceach agus as gach cineál dífheidhmeachta agus optamaithe ábhartha. Déantar talamh agus foirgnimh nach bhfuil in úsáid ach atá riachtanach d'fhorbairt amach anseo a luacháil ag luach an mhargaidh.

Ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach

Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcoimirciú, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne chun seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí roinnte párolla a sholáthar.

Braithim ar litreacha dearbhaithe na nOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ón Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don tSeirbhís Chúirteanna.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta do phríomhphróisis gnó doiciméadaithe.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Is ann do threoirlínte iomchuí maidir le hinfheistíocht chaipitil a rialú agus do dhisciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna ar fochoiste é de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste maoirseacht, comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dearbhuithe ar réimse ábhar lena n-áirítear sláine rialuithe inmheánacha airgeadais, bainistíocht riosca agus ráitis airgeadais. Feidhmíonn an Coiste faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sí clár oibre bliantúil na hiniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhorghnóthú freisin.

An Coiste Airgeadais

Tá Coiste Airgeadais ag an tSeirbhís Chúirteanna ar fochoiste de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna é. Is é ról an Choiste maoirseacht agus grinnscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na Seirbhíse Cúirteanna thar ceann an Bhoird. Tugann an Bord údarás don Choiste aon ghníomhaíocht laistigh dá théarmaí tagartha a imscrúdú agus dualgaí fhorordaithe a chomhlíonadh thar ceann an Bhoird agus an Oifigigh Chuntasaíochta de réir mar is cuí. Áirítear orthu sin an buiséad bliantúil a fhorghnóthú agus faireachán a dhéanamh air, conarthaí os cionn tairseacha sonraithe a fhorghnóthú, luach ar airgead agus rioscaí airgeadais. Tá an Coiste freagrach freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa bliantúil.

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an tSeirbhís Chúirteanna le pearsanra cuí-oilte, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa ag Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibriúcháin a bhfuil an tSeirbhís nochta dóibh, agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Is é is aidhm do na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar thuarascálacha fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. B'ionann caiteachas ar earraí, agus ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí eile ar conradh, agus €101.128 milliún san iomlán in 2024.

Sholáthair an tSeirbhís Chúirteanna sonraí maidir le 14 chonradh neamhiomaíocha agus naoi gcás neamhchomhlíontachta de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Chomhlíon an tSeirbhís Chúirteanna na treoirlínte ach amháin i gcás 9 gconradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) a rinneadh gan próiseas iomaíoch, arbh fhiú €849,000 san iomlán iad (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Conradh amháin dar luach €121,685 a bhaineann le saoráidí seomra cúirte a sholáthar chun freastal ar chás mór ilpháirtí cúirte a thosaigh i mí an Mheithimh 2024. Tá soláthairtí le haghaidh seirbhísí gaoimhara ar siúl.
- Dhá chonradh dar luach €429,739 le haghaidh seirbhísí a bhaineann leis an Acht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014, tar éis don chonradh bunaidh dul in éag. Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag fanacht le moltaí ó ghrúpa oibre ón Roinn Dlí agus Cirt maidir leis an bpróiseas amach anseo. Tá dhá dhúshlán Ard-Chúirte ann freisin faoin acht fíneálacha atá ar siúl faoi láthair a théann i bhfeidhm ar an reachtaíocht, agus beidh tionchar ag an toradh ar an straitéis soláthair.
- Tá conradh amháin ar luach €74,047 chun bulcbhreoslaí leachtacha a sholáthar i bhfeidhm ó 2017 i leith. De réir mar a bhuaigh an sealbhóir comórtais ina dhiaidh sin, tugadh neamhaird ar shíniú fógraí iolracha chun foirmeacha earraí (NAGFanna) a ghníomhachtú le haghaidh blianta conarthacha ina dhiaidh sin. Tá aghaidh á tabhairt ar an ábhar seo.
- Conradh amháin dar luach €68,585 le haghaidh soláthar leictreachais a chuaigh in éag i mí na Nollag 2023. Mar thoradh ar an bpróiseas soláthair ina dhiaidh sin tháinig athrú ar an soláthraí agus ciallaíonn próiseas aistrithe neamhéifeachtach agus neamhéifeachtúil gur fhan roinnt suíomhanna leis an seansoláthraí. Táimid ag obair go gníomhach chun an tsaincheist seo a réiteach chun aistriú gach láithreáin chuig an soláthraí nua a chinntiú.
- Conradh amháin ar luach €57,582 le haghaidh costais seirbhísí teileafónaíochta. Is seansocrú é seo a bhí ann roimh bhunú na Seirbhíse Cúirteanna. Táthar ag féachaint ar réitigh mhalartacha chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin.

- Conradh amháin ar luach €34,361 a bhaineann le baint agus stóráil scáileán a cuireadh i bhfeidhm le linn COVID mar bheart éigeandála. Tá réiteach fadtéarmach á lorg againn chun an socrú seo a chur i gcrích
- Conradh amháin ar luach €33,056 chun seirbhísí dréachtaithe agus dlí a bhaineann le Rialacha Cúirte a sholáthar. Tá conradh i bhfeidhm anois.
- Conradh amháin ar luach €29,887 chun Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a sholáthar i leith cásanna os comhair na gCúirteanna. Cuireadh tús le soláthar in 2024 chun painéal ateangairí ISL de sholáthraithe seirbhíse a bhunú. Táimid ag súil le conarthaí a bhronnadh in 2025.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Rialachas

Tá dea-rialachas bunúsach d'oibriú éifeachtach na Seirbhíse. Leagtar amach i gCreat Rialachais Chorpáidigh na Seirbhíse Cúirteanna an bonn reachtúil ina n-oibrímid, lena n-áirítear na socruithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagraíochtúil, cuntasacht agus socruithe dearbhaithe iniúchóireachta. Foilsíodh an creat sin in 2016 agus tugadh cothrom le dáta é i mí Feabhra 2023. Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna leis an Roinn Dlí agus Cirt freisin.

Léirítear agus forbraítear an Creat Rialachais i gcomhthéacs chreat reachtach na Seirbhíse Cúirteanna faoin Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998, anuas ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, forbairtí i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Seirbhíse Cúirteanna agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Ardbhainistíochta (SMT) agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Is buanmhír í freisin do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus tuairiscíonn an Príomhoifigeach Riosca don Bhord ar oibríochtaí na bainistíochta riosca. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú agus sanntar freagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don FBS, i gcás inarb ábhartha, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a sainaithníodh a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den tSeirbhís atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2024 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa, nó a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh air nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh air. Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm leanúnach ar mholtaí a eascraíonn as litir bainistíochta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus as iniúchadh inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a neartú, go háirithe i réimsí an tsoláthair agus na bainistíochta conarthaí, agus slándáil agus bonneagar TFC. Is próiseas leanúnach agus an córas é seo, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a éifeachtacht.

Angela Denning

Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

31 Márta 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur ann do leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Meán Fómhair 2025

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Cuntas Leithreasa 2024				
		2024		2023
		Foráil mheastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas ar chláir				
A	Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna			
	Bunaidh	185,483		
	Forlíontach	5,800		
			191,283	188,773
				183,500
Ollchaiteachas			191,283	188,773
Asbhain				183,500
B	Leithreasuithe i gcabhair			
	Bunaidh	33,833		
	Forlíontach	2,500		
			36,333	38,313
				38,148
Glanchaiteachas				
	Bunaidh	151,650		
	Forlíontach	3,300		
			154,950	150,460
				145,352

Barrachas

Tá an barrachas den mhéid a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm faoi dhliteanas a ghéilleadh don Státchiste.

	2024	2023
	€	€
Barrachas atá le géilleadh	4,490,318	1,458,888

Angela Denning
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

31 Márta 2025

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2024			
		2024	2023
	€000	€000	€000
Costas cláir		45,180	48,649
Pá		74,974	70,338
Neamhphá		68,619	64,513
Ollchaiteachas		188,773	183,500
<i>Asbhain</i>			
Leithreasuithe i gcabhair		38,313	38,148
Glanchaiteachas		150,460	145,352
Athruithe ar shócmhainní caipitiúla			
<i>Maoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>			
Ceannacháin	(1,527)		
Dímheas	9,827		
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>			
Ceannacháin	(4,116)		
Amúchadh	1,408		
		5,592	4,881
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(1,534)		
Laghdú ar ioncam fabhraithe	563		
Méadú ar ioncam iarchurtha	38		
Méadú ar speansais fhabhraithe	4,529		
		3,596	1,586
Caiteachas díreach		159,648	151,819
Caiteachas ginte in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		77,987	71,213
Cíosanna barúlacha ^a		3,605	3,605
Glanchestas cláir		241,240	226,637

Nóta ^a Cíosanna barúlacha d'fhoirgnimh faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) atá áitithe ag an tSeirbhís Chúirteanna.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 22 atá le híoc in áit eile.

		2024	2023
		€000	€000
Vótáil 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	231	214
Vótáil 12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	21,395	19,314
Vótáil 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,214	1,572
Vótáil 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	135	144
Vótáil 20	An Garda Síochána	254	233
Vótáil 24	Ceartas – Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	411	408
Vótáil 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	46	129
An Príomhchiste – Tuarastail bhreithiúnacha agus pinsin		54,301	49,199
		77,987	71,213

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí ar 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní seasta			
Maoin, gléasra agus trealamh	2.1	326,601	336,794
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	8,729	6,039
		335,330	342,833
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	(29)	(398)
Réamhíocaíochtaí	2.4	6,176	4,642
Ioncam fabhraithe	2.5	89	652
Iarmhéideanna dochair eile	2.6	3,712	3,568
		9,948	8,464
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Ioncam iarchurtha		38	—
Speansais fhabhraithe	2.7	8,634	4,105
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	3,573	2,621
Glanmhaoiniú Státchiste	2.9	110	549
		12,355	7,275
Glansócmhainní reatha (dlíteanais)/glansócmhainní		(2,407)	1,189
Glansócmhainní		332,923	344,022
Arna ionadú ag:			
Cuntas cistiúcháin an Stáit	2.10	332,923	344,022

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh ^a

	Talamh agus Foirgnimh €000	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil					
Ar 1 Eanáir 2024	421,697	53,332	30,953	5,607	511,589
Breiseanna	427	474	17	609	1,527
Athluachálacha ^b	(2,186)	—	—	—	(2,186)
Curtha in úsáid	—	25	—	(25)	—
Coigeartuithe ^c	(450)	(4,361)	(1,887)	(9)	(6,707)
Ar 31 Nollaig 2024	419,488	49,470	29,083	6,182	504,223
Dímheas carnach					
Ar 1 Eanáir 2024	93,918	50,258	30,619	—	174,795
Dímheas don bhliain	8,390	1,348	89	—	9,827
Athluachálacha ^b	(927)	—	—	—	(927)
Dímheas ar choigeartuithe ^c	(29)	(4,257)	(1,787)	—	(6,073)
Ar 31 Nollaig 2024	101,352	47,349	28,921	—	177,622
Glansócmhainní					
Ar 31 Nollaig 2024	318,136	2,121	162	6,182	326,601
Ar 31 Nollaig 2023	327,779	3,074	334	5,607	336,794

Nóta ^a Forálann Alt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 go n-aistreofar teideal dlí chuig an tSeirbhís Chúirteanna maidir le talamh agus foirgnimh áirithe.

^b Baineann sé le hathluachálacha le haghaidh na sócmhainní seo a leanas: Teach cúirte Bhéal an Átha Móir, Iostán Cheatharlach, Teach Cúirte Cheatharlach, Teach Cúirte Charraig Mhachaire Rois, Suíomh an Chlocháin Liath, Teach Cúirte Chluainín, Teach Cúirte Mhuineacháin, An Nás - Suíomh Shráid Basin, Teach Cúirte Shoirde, Teach Cúirte Thamhlachta agus an Chúirt Tráchtá.

^c Baineann na coigeartuithe le 1) sócmhainní ar an gclár sócmhainní ar luach idir €1,000 agus €10,000 a coigeartaíodh in 2024 chun an costas a laghdú go nialas, i gcomhréir le CGAS 17 agus 2) scor sócmhainní tar éis na n-athluachálacha agus athbhreithniú ar an gclár.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Ar 1 Eanáir 2024	12,662	2,150	14,812
Breiseanna	42	4,074	4,116
Curtha in úsáid	2,610	(2,610)	—
Scoir	—	(18)	(18)
Ar 31 Nollaig 2024	15,314	3,596	18,910
Amúchadh carnach			
Ar 1 Eanáir 2024	8,773	—	8,773
Amúchadh don bhliain	1,408	—	1,408
Ar 31 Nollaig 2024	10,181	—	10,181
Glansócmhainní			
Ar 31 Nollaig 2024	5,133	3,596	8,729
Ar 31 Nollaig 2023	3,889	2,150	6,039

2.3 Banc agus airgead tirim

ar 31 Nollaig	2024 €000	2023 €000
Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim	(1,324)	(2,535)
Iarmhéid cuntas bainc tráchtála ^a	1,295	2,137
	(29)	(398)

Nóta ^a Déanann sé ionadaíocht ar iarmhéideanna na gcuntas bainc a bhaineann leis an Státchiste atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna an 31 Nollaig gach bliain. Níl suim ar leithligh €15.844 milliún (13.942 milliún 2023) nach n-áirítear in iarmhéid an chuntais. Is éard atá i gceist leis seo go príomha ná maoiniú neamh-Státchiste a bhaineann le lóisteálacha íocaíochtaí cothabhála faoin dlí teaghlaigh, lóisteálacha airgid bannaí agus admhálacha bosca bochta cúirte.

2.4 Réamhíocaíochtaí

ar 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
A.2 Riarachán – neamhphá	5,980	4,434
A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitiúla)	196	208
	6,176	4,642

2.5 Ioncam fabhraithe

ar 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Táillí	43	650
Nithe Ilghnéitheacha	46	2
	89	652

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ar 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí chuig an OPW	1,841	3,311
Forchúiteamh tuarastail	77	74
Míreanna fionraí dochair eile	1,752	145
Óinchistí	42	38
	3,712	3,568

2.7 Speansais fhabhraithe

ar 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
A.2 Riarachán – neamhphá	3,520	4,105
A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitiúla)	438	—
Fabhruithe a bhaineann le párolla	2,773	—
Fabhrú saoire	1,903	—
	8,634	4,105

2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ar 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Méideanna atá dlite don stát		
Cáin ioncaim	1,022	1,046
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	97	132
Cáin bhreisluacha	246	177
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	684	642
Fíneálacha	858	3
Cistí le géilleadh don Státchiste ^a	385	353
	3,292	2,353
Asbhaintí párolla arna gcoinneáil ar fionraí	280	267
Míreanna fionraí creidmheasa eile	1	1
	3,573	2,621

Nóta ^a Léiríonn an t-iarmhéid seo iarmhéideanna na gcuntas bainc a bhaineann leis an Státchiste atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ar 31 Nollaig gach bliain – lúide coigeartuithe fionraí ioncaim.

2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

ar 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Barrachas atá le géilleadh	4,490	1,459
Deontas neamhtharraingthe an Státchiste	(4,380)	(910)
Glanmhaoiniú Státchiste	110	549

Arna ionadú ag:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	(29)	(398)
Iarmhéideanna dochair: fionraí	3,712	3,568
	3,683	3,170

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(3,292)	(2,353)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(281)	(268)
	(3,573)	(2,621)
	110	549

2.10 Cuntas cistiúcháin stáit

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir		344,022	353,801
Eisíocaíochtaí ón Vótáil			
Foráil mheastacháin	Cuntas	154,950	
Barrachas atá le géilleadh	Cuntas	(4,490)	
Glanvótáil		150,460	145,352
Caiteachas ginte in áit eile	1.1	77,987	71,213
Ítimí neamhairgid			
Cíos barúlach	1	3,605	3605
Athluachálacha		(1,259)	(3,312)
Coigeartuithe caipitil		(652)	—
Glanchostas cláir	1	(241,240)	(226,637)
Iarmhéid ar 31 Nollaig		332,923	344,022

2.11 Ceangaltais

	2024	2023
a) Ceangaltais dhomhanda	€000	€000
ar 31 Nollaig		
Léasanna	8,980	13,612
Tionscadail chomhpháirtíochta príobháidí poiblí	536,852	577,230
Líon iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí	545,832	590,842

b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla

Níl aon cheangaltais ilbhliantúla ann do 2024 atá os cionn na tairsí €20 milliún.

c) Costas caipitil tionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí

Tionscadal	Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2023	Caiteachas in 2024	Ceangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí agus atá le comhlíonadh sna blianta ina dhiaidh sin	Iomlán an tionscadail 2024	Iomlán an tionscadail 2023
	€000	€000	€000	€000	€000
Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla	322,463	23,809	256,951	603,223	603,570
Cuach CPP	115,367	14,873	279,901	410,141	411,489
	437,830	38,682	536,852	1,013,364	1,015,059

Éagsúlachtaí suntasacha

Caiteachas Thionscadal Chuach PPP 2024 €410.141 milliún: 2023 €411.489 milliún:
Déantar athbhreithniú bliantúil ar chostais chaipitil CPP i gcomhar le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Cuirtear san áireamh sna ríomhanna sin, na muirir a íocadh le linn na tréimhse, costais bhreise agus athróa eile amhail costas innéacsaithe na muirear aonadach lena n-áirítear na muirir airgeadais don chuid eile de shaolré an tionscadail bunaithe ar an tsamhail ‘Dúnadh Airgeadais’. Déanann siad coigeartú freisin le haghaidh aon lacáistí a d’fhéadfadh teacht chun cinn ar na conarthaí sa tréimhse. Bunaithe ar na ríomhanna sin, bhí gluaiseacht €1.348 milliún ann don bhliain 2024.

2.12 Léasanna oibriúcháin

ar 31 Nollaig	2024
	€000
Speansas léasa oibriúcháin le haghaidh na bliana	5,282
Níl aon chíosanna teagmhasacha iníoctha ná íocaíochtaí foléasa infhála	
Is iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta comhiomlána a bheidh le híoc amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:	
Laistigh de bhliain amháin	4,891
Idir 1 bhliain agus 5 bliana	4,089
Níos déanaí ná 5 bliana	—
Iomlán na ngealltanais maidir le léas oibriúcháin neamh-inchealaithe	8,980

- Nóta

a

CGAS 13 Léasanna
- b

Léiríonn na hoibleagáidí léasa thuas na hollíocaíochtaí léasa oibriúcháin le haghaidh na bliana.

2.13 Dliteanais aibí

Ní raibh aon dliteanas aibí ann nár urscaoileadh ag deireadh na bliana (2023: NIL)

2.14 Dliteanais theagmhasacha

Níor urscaoileadh aon dliteanas teagmhasach ag deireadh na bliana (2023: nil).

2.15 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasáíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasáíochta nua de chuid an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú cistiúcháin an Stáit.

	Nótaí	2024
		€000
Fabhrú saoire ^a	2.7	(1,903)
Fabhrú párolla ^a	2.7	(2,773)
		(4,676)

- Nóta

a

CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gClár A chun costais iomlána an chlár a chur i láthair

			2024	2023
		Foráil mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Bunaidh</i>	73,886		
	<i>Forlíontach</i>	2,000		
		75,886	74,974	70,338
ii	Taisteal agus cothú			
	<i>Bunaidh</i>	3,242		
	<i>Forlíontach</i>	450		
		3,692	4,111	3,541
iii	Foghlaim agus Forbairt			
	<i>Bunaidh</i>	805		
	<i>Forlíontach</i>	—		
		805	909	1,010
iv	Seirbhísí Oibriúcháin, Soláthairtí & Trealamh Éagsúil			
	<i>Bunaidh</i>	15,405		
	<i>Forlíontach</i>	2,947		
		18,352	19,064	17,260
v	Infheistíocht Chaipitil Dhigiteach agus Speansais TF			
	<i>Bunaidh</i>	19,595		
	<i>Forlíontach</i>	(248)		
		19,347	22,943	23,416
vi	Costais Áitribh			
	<i>Bunaidh</i>	21,528		
	<i>Forlíontach</i>	716		
		22,244	21,450	19,082
vii	Athbhreithnithe Beartais, Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Taighde			
	<i>Bunaidh</i>	100		
	<i>Forlíontach</i>	(65)		
		35	142	204
		140,361	143,593	134,851

Nóta ^a Athraíodh an anailís ar fho-cheannteidil riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú ar fud na gcuntas a vótáladh. Leasaíodh comparáidí 2023 dá réir sin.

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sa nóta seo na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

ii Taisteal agus cothú

Foráil mheastacháin: €3.242 milliún: toradh: €4.111 milliún.

Tharla an méadú €869,000 ar chaiteachas mar gheall ar an méadú ar líon na suíonna cúirte lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, taisteal foirne chun folúntais i réimsí eile a chlúdach, chomh maith le méadú ar oiliúint phearsanta ar fud na heagraíochta.

iv Seirbhísí Oibriúcháin, Soláthairtí & Trealamh Éagsúil

Foráil mheastacháin: €15.405 milliún: toradh: €19.064 milliún.

Tharla an méadú €3.659 milliún ar chaiteachas mar gheall ar róchaiteachas thar roinnt ceanteideal buiséid, go príomha

- seirbhísí dlí, mar gheall ar mhéadú ar líon na ndlíthíochtaí le linn 2024
- ateangaireacht, tar éis conradh nua a thabhairt isteach.
- béilí giúiré, mar gheall ar an méadú ar shuíonna na Príomh-Chúirte Coiriúla lasmuigh de Bhaile Átha Cliath
- Leabharlann Dlí, mar gheall ar an líon mór fabhruithe in 2024
- costais dlí agus damáistí a íocadh in 2024 mar chuid de chás leanúnach na hAimiréalachta.

v Infheistíocht Chaipitil Dhigiteach agus Speansais TF

Foráil mheastacháin: €19.595 milliún: toradh: €22.943 milliún.

Bhain an caiteachas breise €3.348 milliún leis na tionscadail TFC seo a leanas

- trealamh le suiteáil le linn an tionscadail DAR/nuachóiriú fuaime in 2025
- íocaíochtaí luathaithe le haghaidh sonrascú ó sholáthraí seirbhíse bainistithe
- réamhcheannach teicneolaíochta físeáin seomra cúirte nua
- ceadúnú bogearraí, tástáil treáite tairsí agus tacaíocht crua-earraí
- laethanta conraitheora do mhí na Nollag maidir le tionscadail nuachóirithe.

Clár A Na Cúirteanna a bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

		2024		2023
		Foráil mheastacháin		Toradh
		€000	€000	Toradh €000
A.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunaidh</i>	73,886		
	<i>Forlíontach</i>	2,000		
			75,886	74,974
				70,338
A.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Bunaidh</i>	60,675		
	<i>Forlíontach</i>	3,800		
			64,475	68,619
A.3	Tithe Cúirte		11,539	6,498
				11,435
A.4	Costais CPP		39,383	38,682
				37,214
			191,283	188,773
				183,500

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

A.3. Tithe Cúirte

Soláthar meastacháin €11.539 milliún olltoradh €6.498 milliún.

Bhí an tearc-chaitheamh de €5.041 milliún go príomha mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- Tá caiteachas caipitil €2.4 milliún á thógáil i gcoinne chuntas 2023, chomh maith le moilleanna ar dhul chun cinn roinnt tionscadal tí cúirte, e.g. Mala, Inis agus Gaillimh.
- Tá tearc-chaitheamh €1 mhilliún ann mar gheall ar thionscadal soilsithe na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla (CCJ) a bheith clúdaithe ag an soláthraí seirbhíse bainistithe PPP.

Nóta 4 Admhálacha

4.1 Leithreasuithe i gcabhair

		2024		2023
		Foráil mheastacháin	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Táillí			
	Bunaidh	31,693		
	Forlíontach	2,093		
		33,786	35,677	34,164
2	Fáltais ó ranníocaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí			
	Bunaidh	1,498		
	Forlíontach	426		
		1,924	1,950	1,775
3	Nithe Ilghnéitheacha			
	Bunaidh	642		
	Forlíontach	(19)		
		623	686	2,209
		36,333	38,313	38,148

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha sa leithreasuithe i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

1 Táillí

Meastachán: €31.693 milliún: Fíoraíodh €35.677 milliún.

Bhí fáltais ioncaim táille 2024 níos airde ná an meastachán bunaidh de €3.984 milliún (13%) go príomha mar gheall ar mhéadú ar fháltais táillí na hOifige Probháide agus fáltais táillí na mbreithneoirí costas dlíthiúil.

2 Fáltais ó ranníocaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Meastachán: €1.498 milliún: Fíoraíodh €1.950 milliún.

Bhí fáltais 2024 níos airde ná an meastachán bunaidh de €452,000 (30%) mar gheall ar an méadú ar an líon foirne in 2024.

4.2 Fáltais bhreise is infíoitha leis an Státchiste

	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	—	—
Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre ^a	5,815	4,807
Fíneálacha eile ^a	1,438	2,824
Aisíocaíochtaí ^b	(14)	(11)
Admhálacha eile ^c	816	526
Aistrithe chuig an Státchiste	(6,976)	(8,146)
Iarmhéid ar 31 Nollaig	1,079	—

- Nóta
^a
- Is é is cúis leis an méadú €1.008 milliún ar fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre agus an laghdú €1.386 milliún ar fhíneálacha eile an t-am a bhfaightear fíneálacha ar ais.
- ^b
- Baineann sé seo le haisíocaíochtaí fíneálacha a ndearnadh achomharc orthu go rathúil.
- ^c
- Sealbhaíonn Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Dlí agus Cirt cistí ó Chuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad dlite lena n-íoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2024 le cistí a taisceadh in 2017. Is é €3.831 milliún iarmhéid na gcistí sin amhail an 31 Nollaig 2024.

4.3 Fíneálacha agus táillí bailithe thar ceann Ranna eile

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna rialtais/agus oifigí seo a leanas i leith fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann.

	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	—	—
Na Coimisinéirí Ioncaim		
Fíneálacha ó na Coimisinéirí Ioncaim ^a	570	528
Dleacht mháil ^b	2,500	2,375
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	45	38
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	13	11
Iomlán aistrithe	(3,072)	(2,952)
Iarmhéid ar 31 Nollaig	56	—

- Nóta
^a
- Baineann airgead a bhailítear le fíneálacha cúirte a ghearrtar nuair is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.
- ^b
- Baineann airgead a bhailítear le táillí d'iarrais cheadúnaithe áirithe amhail síneadh ar uaireanta oscailte agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2024	2023
Líon na mball foirne ag deireadh na bliana	1,285	1,269

5.2 Pá

	2024	2023
	€000	€000
Pá	67,134	63,067
Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise	561	662
Liúntais eile	857	791
Ragobair	315	298
ÁSPC fostóra	6,107	5,520
Pá iomlán	74,974	70,338

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2024	2023
			€	€
Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise	148	11	69,291	78,080
Liúntais eile	193	14	17,050	23,501
Ragobair	100	11	31,866	30,955
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	79	16	36,362	35,585

5.4 Bandaí pá d'fhostaithe na Seirbhíse Cúirteanna

Líon na bhfostaithe sa tSeirbhís Chúirteanna a bhfuil a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra ná costais phinsin fostóra a áireamh) don bhliain airgeadais, thit sé idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas tá siad seo a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Chuig	2024	2023
20,000	59,999	913	937
60,000	69,999	89	63
70,000	79,999	69	86
80,000	89,999	79	48
90,000	99,999	42	34
100,000	109,999	25	17
110,000	119,999	13	8
120,000	129,999	5	3
130,000	139,999	2	—
140,000	149,999	3	2
150,000	159,999	1	11
160,000	169,999	11	3
170,000	179,999	2	4
180,000	189,999	4	—
190,000	199,999	1	—
200,000	209,999	—	1
210,000	219,999	—	—
220,000	229,999	—	1
230,000	239,999	1	—

5.5 Socruithe luacha saothair eile

Rinneadh ochtar státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhruiiliú ar bhonn táille ar chostas iomlán de € 52,053. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ar 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2024 €	2023 €
Ró-íocaíochtaí	205	334,843	319,497
Pleananna téarnaimh i bhfeidhm	53	167,258	137,256

5.7 Téarbhadh

Le linn 2024, ní raibh aon scaoilíocaíochtaí ann.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

	2024	2023
	€000	€000
Bunphá	236	227
	236	227

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall de Scéim Pinsin na Státseirbhíse tar éis 6 Aibreán 1995 agus ní théann a teidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an tSeirbhís Chúirteanna/an Oifig sa bhliain

	Éilimh ó				Iomlán 2024	Iomlán 2023
	Fostaithe		Daoine den phobal			
	Díobháil phearsanta	Eile	Díobháil phearsanta	Eile		
Líon na gcásanna	8	3	4	30	45	37
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Seirbhíse Cúirte féin	—	38	—	242	280	132
Íocaíochtaí ó/thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna/Oifig						
Cúiteamh	—	—	—	99	99	46
Costais dlí	186	—	18	389	593	362
Iomlán 2024	186	38	18	730	972	540
Iomlán 2023	17	86	40	397	540	

Nóta ^a ar 31 Nollaig 2024, bhí 26 chás dlíthíochta ghinearálta fós gan réiteach

Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2024

	Éilimh ó				Iomlán
	Fostaithe		Daoine den phobal		2024
	Díobháil phearsanta	Eile	Díobháil phearsanta	Eile	
Líon na gcásanna	2	—	1	—	3
	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Seirbhíse Cúirte féin	—	—	—	—	—
Íocaíochtaí ó/thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna/Oifig					
Cúiteamh	—	—	—	—	—
Costais dlí	12	—	16	—	28
Iomlán 2024	12	—	16	—	28

6.2 Costais eadrána agus idir-réitigh

Áirítear le caiteachas in 2024 íocaíochtaí €7,000 (náid in 2023) a dhéantar le conraitheoirí agus le daoine eile chun costais a chumhdach mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Bhí dhá chás ann in 2024 (náid in 2023). I measc na bhfigiúirí tá CBL.

6.3 Ús ar íocaíocht phras

Ba é €12,650 méid an úis ar íocaíocht phras agus an chúitimh a tabhaíodh in 2024.